C/2024/6206

18.10.2024

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

maidir le deireadh a chur de réir a chéile le dreasachtaí airgeadais le haghaidh coirí leithleacha a chumhachtaítear le breoslaí iontaise faoin Treoir athmhúnlaithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6206)

CLÁR

Leathanach

1. Réamhrá 2
2. Cuspóir an fhógra 2
3. Achoimre ar na forálacha dlíthiúla 2
4. Treoir maidir leis na forálacha dlíthiúla a chur chun feidhme 2
   4.1. Sainmhínithe 2
   4.2. Léirmhíniú 4
   4.3. Samplaí de dhreasachtaí airgeadais nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 17(15) 6
   4.4. Eisceachtaí 7
5. Treoraíocht atá le teacht maidir le hábharthacht 8

1. **RÉAMHRÁ**

Leagtar amach sa Treoir athmhúnlaithe maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh ('an Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF') ([1]) conas is féidir leis an Aontas Eorpach (AE) stoc foirgneamh atá dícharbónaithe go hiomlán a bhaint amach faoi 2050 trí raon beart a chuideoidh le rialtais an Aontais borradh struchtúrach a chur faoi fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh, agus béim ar leith á leagan ar na foirgnimh is neamhfheidhmiúla a athchóiriú.

Tháinig an Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF i bhfeidhm an 28 Bealtaine 2024 agus is é an 29 Bealtaine 2026 an spriocdháta trasuite, mura léirítear spriocdháta trasuite sonrach i bhforálacha áirithe. Is amhlaidh atá i gcás Airteagal 17(15) den Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF, arb é is ábhar don fhógra seo. I gcomhréir le hAirteagal 35(1), ní mór do na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a thabhairt i bhfeidhm chun Airteagal 17(15) a chomhlíonadh faoin 1 Eanáir 2025, agus ní mór dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin míniú ar aon bheart cur chun feidhme praiticiúil a rinneadh i gcomhthéacs thrasuí Airteagal 17(15).

2. **CUSPÓIR AN FHÓGRA**

Tugtar treoraíocht san fhógra seo maidir le hAirteagal 17(15) den Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF. Is é is aidhm don treoraíocht cur le tuiscint níos fearr ar na forálacha agus cur i bhfeidhm níos aonfhoirmí agus níos comhleanúnaí a éascú. Is chuig na Ballstáit agus chuig daoine eile is gá a chur ar an eolas faoi na forálacha a dhírítear í. Ní thugtar soiléirithe san fhógra ach amháin maidir le forálacha Threoir (AE) 2024/1275. Tugtar le chéile ann freisin faisnéis ó mhalartuithe leis na húdaráis náisiúnta ábhartha agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, tar éis ghlacadh na Treorach athmhúnlaithe maidir le FFF. In am trátha, eiseoidh an Coimisiún tuilleadh treoirdhoiciméad maidir le gnéithe eile atá ábhartha chun an Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF a thrasuí agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear treoraíocht maidir leis an sainmhíniú ar choirí breosla iontaise.

Is mar threoirdhoiciméad amháin atá an fógra seo beartaithe; níl feidhm dhlíthiúil ach ag téacs ghníomh an Aontais féin. Is léiriú atá sa doiciméad seo ar an reachtaíocht tráth a dréachtaíodh an doiciméad agus d'fhéadfadh sé go leasófaí an treoraíocht a chuirtear ar fáil ina dhiaidh sin.

Baineann an léirmhíniú ceangailteach ar reachtaíocht an Aontais le hinniúlacht eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Na tuairimí a chuirtear in iúl sa treoraíocht seo, ní dhéanann siad difear don seasamh a d'fhéadfadh an Coimisiún a ghlacadh os comhair na Cúirte Breithiúnais. Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine atá ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis thíos.

3. **ACHOIMRE AR NA FORÁLACHA DLÍTHIÚLA**

Cuideoidh an Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF leis an Aontas deireadh a chur, de réir a chéile, le coirí a chumhachtaítear le breoslaí iontaise. De réir Airteagal 17(15) den Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF, ón 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí, ní ceadmhach do na Ballstáit aon dreasacht airgeadais a sholáthar chun coirí leithleacha a chumhachtaítear le breoslaí iontaise a shuiteáil seachas na coirí sin a formheasadh cheana faoi chistí an Aontais.

4. **TREOIR MAIDIR LEIS NA FORÁLACHA DLÍTHIÚLA A CHUR CHUN FEIDHME**

Léitear Airteagal 17(15) mar a leanas: *Ón 1 Eanáir 2025, ní sholáthróidh na Ballstáit aon dreasacht airgeadais chun coirí leithleacha a chumhachtaítear le breoslaí iontaise a shuiteáil, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh 2025, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/241, Airteagal 7(1), pointe (h)(i), an tríú fleasc, de Rialachán (AE) 2021/1058 agus le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* ([2]) .'

4.1. **Sainmhínithe**

Tugtar sainmhíniú ar 'choire' in Airteagal 2(48) den Treoir maidir le FFF: 'ciallaíonn "**coire**" an t-aonad ina bhfuil coire agus dóire comhcheangailte, arna cheapadh chun an teas a scaoiltear as an dó a aistriú go leachtanna'.

([1]) Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú) (IO L, 2024/1275, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

Ní thugtar sainmhíniú ar an téarma '**coire leithleach**' sa Treoir maidir le FFF. Soiléirítear in Aithris 14 gur gá idirdhealú a dhéanamh idir coirí leithleacha agus 'córais téimh hibrideacha a bhfuil sciar suntasach d'fhuinneamh in-athnuaite acu, amhail coire a chomhcheangal le grianfhuinneamh teirmeach nó le teaschaidéal'. Chun críoch Airteagal 17(15), dá bhrí sin, is éard is coire leithleach ann coire nach gcomhcheanglaítear le gineadóir teasa eile a úsáideann fuinneamh in-athnuaite agus a sholáthraíonn sciar suntasach d'aschur foriomlán fuinnimh an chomhchórais.

Ciallaíonn **córas téimh hibrideach** táirge hibrideach a chomhcheanglaíonn dhá chineál éagsúla gineadóra teasa ar a laghad. Samplaí de chórais téimh hibrideacha ina gcomhcheanglaítear dhá theicneolaíocht nó níos mó chun teas agus uisce te a sholáthar i bhfoirgneamh, áiríonn siad aon chomhcheangal de theaschaidéil le coirí, grianfhuinneamh hibrideach (comhcheangal de choire agus grianphainéil theirmeacha), agus comhcheangail de na córais sin. Féadfar córas téimh hibrideach a mhonarú sa cháil sin nó féadfar an hibridiú a dhéanamh tráth na suiteála nó féadfar é a chur leis ina dhiaidh sin mar hibridiú ar an láthair. Ní mheastar gur córas téimh hibrideach é comhdhó, mar shampla comhdhóchán díreach bithmhaise agus guail i gcoire breosla sholadaigh.

Chun críoch na treoraíochta seo, tagraíonn **suiteáil** do choire leithleach a cheannach, a chóimeáil agus a chur i mbun feidhme.

Ní shainmhínítear **breoslaí iontaise** sa Treoir maidir le FFF, ach tuigtear iad ar an mbealach céanna agus a thuigtear iad i Rialachán (AE) 2018/1999 ([3]) , lena sainmhínítear iad in Airteagal 2(62) mar 'fhoinsí fuinnimh neamh-inathnuaite carbónbhunaithe amhail breoslaí soladacha, gás nádúrtha agus ola'.

In Airteagal 2(14) den Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF, arna ailíniú le hAirteagal 2(1) den Treoir leasaithe maidir le Fuinneamh Inathnuaite (Treoir (AE) 2018/2001, arna leasú le Treoir (AE) 2023/2413 ([4]) , is é an sainmhíniú ar 'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite' nó '**fuinneamh in-athnuaite**' fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite neamh-iontaise, eadhon fuinneamh gaoithe, gréine (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach) agus fuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh osmóiseach, fuinneamh comhthimpeallach, fuinneamh taoide, fuinneamh toinne agus fuinneamh eile aigéin, hidreachumhacht, bithmhais, gás ó líonadh talún, gás ó ionad cóireála camrais, agus bithghás'.

Ní mheastar gur breoslaí iontaise iad breoslaí in-athnuaite mar a shainmhínítear in Airteagal 2(22a) den Treoir leasaithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite, i.e. 'bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch'. Cumhdaítear breoslaí eis-eangaí agus breoslaí eangach-bhunaithe araon leis an sainmhíniú ar bhreoslaí in-athnuaite.

Ní thugtar sainmhíniú ar'**dhreasachtaí airgeadais'** sa Treoir maidir le FFF. Tuigtear iad sin ar bhealach leathan mar thacaíocht eacnamaíoch a sholáthraíonn comhlacht poiblí ([5]) agus/nó trí acmhainní poiblí ([6]) . Is féidir dreasachtaí den sórt sin a sholáthraítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus/nó áitiúil a bheith ina n-uirlis láidir chun dlús a chur le téamh a dhícharbónú i bhfoirgnimh agus d'fhéadfadh siad a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear deontais dhíreacha do cheannaitheoirí, do shuiteálaithe agus do thríú páirtithe, ach gan a bheith teoranta dóibh sin, chomh maith leis an liosta neamh-uileghabhálach de chistiú agus uirlisí airgeadais in Airteagal 17(7) den Treoir maidir le FFF, go háirithe dreasachtaí fioscacha (e.g. rátaí cánach laghdaithe) ([7]) . D'fhéadfaí dreasachtaí airgeadais a dhíriú ar úsáideoirí deiridh, ar shuiteálaithe, ar mhonaróirí agus ar thríú páirtithe nó ar oibreoirí eacnamaíocha eile, i measc dreamanna eile, a bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu le coirí a shuiteáil. Sa mhéid is gur gnóthas é faighteoir na dreasachta airgeadais, tá feidhm ag rialacha maidir le Státchabhair ([8]) . Is féidir dreasachtaí airgeadais den sórt sin a thuiscint mar chineál fóirdheontais breoslaí iontaise, agus dá bhrí sin rannchuideodh deireadh na ndreasachtaí le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

([4]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (athmhúnlú) (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82) agus Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

([5]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12) de Threoir (AE) 2023/1791 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

([6]) Tá maoiniú trí scéimeanna deimhnithe bána ag teacht faoin gcoincheap 'dreasachtaí airgeadais' a mhéid is gur féidir é a mheas mar mhaoiniú poiblí nó arna mhaoiniú go poiblí.

([7]) Tagraítear in Airteagal 17(7) do 'mhaoiniú cumasúcháin agus uirlisí airgeadais, lena n-áirítear iasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus morgáistí le haghaidh athchóiriú foirgneamh, conraitheoireacht um fheidhmíocht fuinnimh, scéimeanna airgeadais "íoc-mar-a-shábháiltear", dreasachtaí fioscacha, mar shampla rátaí cánach laghdaithe ar oibreacha agus ábhair athchóirithe, scéimeanna ar an gcáin, scéimeanna ar an mbille, cistí ráthaíochta, cistí atá dírithe ar athchóiriú domhain, cistí atá dírithe ar athchóirithe a bhfuil tairseach íosta shuntasach de choigiltis fuinnimh spriocdhírithe agus caighdeáin punainne morgáiste ag baint leo'.

([8]) Féach Airteagal 38a de Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1), agus Roinn 4.2 den Teachtaireacht ón gCoimisiún – Treoirlínte maidir le Státchabhair le haghaidh na haeráide, chosaint an chomhshaoil agus an fhuinnimh 2022 (IO C 80, 18.2.2022, lch. 1).

Ní chumhdaítear leis an gcoincheap 'dreasachtaí airgeadais' e.g. nósanna imeachta soláthair agus conarthaí poiblí de réir bhrí Threoir 2014/24/AE ([9]) le haghaidh suiteálacha i gcomhlachtaí poiblí atá ag brath go hiomlán nó go páirteach ar an mbuiséad poiblí a mhéid a léiríonn conarthaí den sórt sin dálaí an mhargaidh agus nach n-áirítear leo (nó nach gcomhcheanglaítear leo) aon chineál fóirdheontais. Ní mór don soláthar poiblí i bhfoirgnimh agus le haghaidh foirgneamh Airteagal 7 de Threoir (AE) 2023/1791 ([10]) a chomhlíonadh.

4.2. **Léirmhíniú**

Tá feidhm ag Airteagal 17(15) maidir le **coirí leithleacha a chumhachtaítear le breoslaí iontaise a shuiteáil**. Is éard atá i gceist leis sin ceannach, cóimeáil, agus cur i bhfeidhm coire (1) a dhónn breoslaí iontaise, i.e. foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite carbónbhunaithe amhail breoslaí soladacha, gás nádúrtha agus ola; agus (2) atá ina choire leithleach, i.e coire nach gcomhcheanglaítear le gineadóir teasa eile a úsáideann fuinneamh in-athnuaite agus a sholáthraíonn sciar suntasach d'aschur foriomlán fuinnimh an chomhchórais. Cé acu atá nó nach bhfuil coire leithleach a chumhachtaítear le breoslaí iontaise ina cuid d'athchóiriú domhain nó d'athchóiriú comhtháite, ní bhaineann sé le hábhar sa chomhthéacs sin.

Cé acu a mheastar nó nach meastar coire gáis a bheith 'á chumhachtú le breoslaí iontaise', braitheann sé ar an meascán breosla san **eangach gháis nuair a shuiteáiltear an coire**. Mar riail ghinearálta, i gcás inarb é gás nádúrtha is mó a iompraíonn an eangach gáis áitiúil, níor cheart dreasachtaí airgeadais a fháil chun coirí gáis a shuiteáil. I gcás inarb iad breoslaí in-athnuaite is mó a iompraíonn an eangach gáis áitiúil, féadfaidh suiteáil coire gáis dreasachtaí airgeadais a fháil faoi Airteagal 17(15). Is faoi na húdaráis inniúla sna Ballstáit atá sé a áirithiú go bhfuil uirlis fíorúcháin ann lenar féidir é sin a sheiceáil tráth na suiteála.

Chun a mheas nach bhfuil **coirí eis-eangaí** 'á gcumhachtú le breoslaí iontaise', ní mór do na húdaráis inniúla sna Ballstáit a cheangal agus a fhíorú ar bhealach láidir inchreidte go n-oibreoidh an t-aonad ar bhreoslaí in-athnuaite i ndáiríre **tráth na suiteála agus le linn a shaolré freisin,** ós rud é go mbeidh smacht fós ag an tairbhí ar an mbreosla a úsáidtear i gcoire eis-eangaí le linn na saolré iomláine.

Féadfaidh faireachán den sórt sin a bheith mar chuid de na cigireachtaí tráthrialta ar an láthair ar chórais téimh nó de chineálacha eile cigireachtaí lena gcumhdaítear córais téimh mar a dhéantar sna Ballstáit. Ba cheart a chur san áireamh ann freisin bunachar sonraí an Aontais chun breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a rianú ([11]) .

Ar bhonn na bunréasúnaíochta atá le hAirteagal 17(15) **nár cheart úsáid breoslaí iontaise i gcoirí a dhreasú**, níor cheart dreasachtaí airgeadais a dheonú ach amháin do chórais téimh hibrideacha a úsáideann sciar suntasach d'fhuinneamh in-athnuaite, agus níor cheart iad a dheonú ach amháin **go comhréireach** a mhéid a úsáidtear foinsí in-athnuaite sa chóras téimh hibrideach. Mar thoradh air sin, ba cheart suiteáil córais téimh atá 100 % bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite a dhreasú ar bhealach níos láidre ná suiteáil córais téimh hibrideach.

Agus '**córais téimh hibrideacha a úsáideann sciar suntasach d'fhuinneamh in-athnuaite**' á sainiú, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go soláthraíonn an chuid sin den chóras hibrideach a úsáideann fuinneamh in-athnuaite, amhail grianfhuinneamh teirmeach nó teaschaidéal, cuid shuntasach den aschur fuinnimh (i.e. riachtanais téimh an fhoirgnimh). Ní mór don údarás inniúil an measúnú sin a dhéanamh agus beidh sé ag brath ar an gcás. D'fhéadfadh hibridiú ar an láthair a bheith i gceist leis sin ina dhiaidh sin, rud a fhágann nach bhfuil gá le maoiniú ach amháin le haghaidh na ngnéithe a bhaineann leis an ngineadóir teasa in-athnuaite forlíontach agus/nó rialuithe sonracha a úsáidtear chun bainistiú a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn teicneolaíochtaí na gcomhpháirteanna le chéile. Cás eile is ea córais téimh hibrideacha monarchan a chuirtear ar an margadh mar tháirge hibrideach, ar féidir leis an dreasacht airgeadais an táirge iomlán a chumhdach ach ba cheart iad a bheith comhréireach leis an sciar d'fhoinsí in-athnuaite a úsáidtear sa chóras téimh hibrideach.

([9]) IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.

([10]) () Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú) (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1).

([11]) Sonraítear in Airteagal 31a den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite nach mór don Choimisiún a áirithiú faoin 21 Samhain 2024 go gcuirfear bunachar sonraí de chuid an Aontais ar bun lenar féidir breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a rianú. Bunaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún modheolaíocht an Aontais lena leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.

Is faoi na Ballstáit atá sé a shonrú cén sciar d'fhuinnimh in-athnuaite laistigh de chórais téimh hibrideacha atá 'suntasach', agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh éifeacht úsáideach ag an gcur chun feidhme ar an gcoincheap sin agus go bhfuil sé de réir Aithris 14. Ós rud é gurb é an cuspóir deiridh deireadh a chur le húsáid breoslaí iontaise i gcoirí de réir a chéile, níor cheart córais téimh hibrideacha a dhreasú mar réiteach idirthréimhseach ach amháin má tá peirspictíocht réalaíoch ann go bhfuil úsáid breoslaí iontaise sa chóras idirthréimhseach, agus gaibhniú breoslaí iontaise á sheachaint. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit córas faireacháin agus comhlíontachta a bhunú atá oiriúnach don fheidhm sa chomhthéacs náisiúnta sonrach. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go rannchuideoidh aon bheart náisiúnta lena soláthraítear dreasachtaí airgeadais do chórais hibrideacha den sórt sin go héifeachtach leis na spriocanna aeráide agus fuinnimh mar a shainítear i reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhaint amach ([12]) , agus á cur san áireamh freisin an chaoi a mbainfear amach na spriocanna sin lena bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide.

Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach a thabhairt le fios, cé nach gcuirtear bac le hAirteagal 17(15) ar dhreasachtaí airgeadais chun coirí leithleacha a chumhachtaítear le breoslaí in-athnuaite a shuiteáil, d'fhéadfaí dreasachtaí airgeadais den sórt sin a eisiamh le hAirteagal 7(2) den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh ([13]) . Cuirtear leis an bhforáil sin oibleagáid ar na Ballstáit díriú ar aon dreasacht a sholáthraíonn siad ag an **'dá aicme éifeachtúlachta fuinnimh is airde go mór',** nó ag aicmí níos airde mar a leagtar síos in aon ghníomh tarmligthe de chuid an Aontais maidir le lipéadú fuinnimh an táirge atá i gceist. Ciallaíonn sé sin maidir le téitheoirí spáis a bhfuil toilleadh suas le 70 kW acu a chumhdaítear leis an lipéad fuinnimh, nach bhféadfaidh na Ballstáit ach téitheoirí spáis sa dá aicme fuinnimh is airde go mór a dhreasú ([14]) . Ar bhonn na sonraí atá ar fáil faoi láthair, níl coirí leithleacha sa dá aicme is airde go mór ([15]) agus dá bhrí sin ní féidir iad a dhreasú, is cuma cé acu a dhónn nó nach ndónn siad breoslaí iontaise nó breoslaí in-athnuaite. Is féidir coirí hibrideacha agus teaschaidéil a dhreasú toisc go bhfuil siad níos éifeachtúla agus, dá bhrí sin, tá siad sa dá aicme fuinnimh is airde dá lipéad ([16]) . Níl feidhm ag an bhforáil thuasluaite maidir le coirí a ceapadh go sonrach chun breoslaí gásacha nó leachtacha a úsáid, ar breoslaí iad a tháirgtear go príomha ó bhithmhais ([17]) toisc nach bhfuil siad faoi réir rialacha an Aontais maidir le lipéadú fuinnimh.

Tá rialachán ar leith ann maidir le lipéadú fuinnimh agus scála oiriúnaithe coirí breosla bithmhaise sholadaigh: toisc go bhfuil siad sa dá aicme is airde, is féidir go mbeadh siad incháilithe do dhreasú ([18]) ([19]) .

Beidh an chaoi ar cuireadh Airteagal 7(2) den Rialachán maidir le Lipéadú Fuinnimh chun feidhme mar chuid de thuarascáil mheastóireachta atá le teacht ón gCoimisiún, atá le cur i gcrích faoi mhí Lúnasa 2025, chun Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas faoi cé chomh héifeachtach agus a a cuireadh Rialachán (AE) 2017/1369 agus na gníomhartha a glacadh fúthu ar chumas tomhaltóirí táirgí níos éifeachtúla a roghnú.

([12]) Lena n-áirítear Rialachán (AE) 2021/1119, an Dlí Aeráide Eorpach, Rialachán (AE) 2018/842, an Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill, Treoir (AE) 2023/2413, an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus Treoir (AE) 2023/1791 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

([13]) Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

([14]) IO L 239, 6.9.2013, lch. 1.

([15]) Féach an Bunachar Sonraí Táirgí Eorpach um Lipéadú Fuinnimh (EPREL). Chun liosta téitheoirí spáis agus an líon samhlacha de réir aicme agus minicíocht de réir aicme a fháil, téigh chuig suíomh gréasáin poiblí EPREL (europa.eu) agus cliceáil ar dháileadh na samhla de réir aicme feidhmíochta.

([16]) Is cuid de theaschaidéil/pacáistí iad coirí hibrideacha i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 811/2013 ón gCoimisiún agus dá réir sin tá siad incháilithe do dhreasachtaí.

([17]) Is é an sainmhíniú atá ar bhithmhais sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite an codán in-bhithmhillte de tháirgí, dramhaíl, agus iarmhair de thionscnamh bitheolaíoch ón talmhaíocht, lena n-áirítear substaintí cothaitheacha agus ainmhíocha, ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, lena n-áirítear iascach agus dobharshaothrú, chomh maith leis an gcodán in-bhithmhillte de dhramhaíl, lena n-áirítear dramhaíl thionsclaíoch agus uirbeach de thionscnamh bitheolaíoch. Tá an tagairt do 'ceaptha go sonrach' ábhartha maidir le coirí a ceapadh chun e.g. bithghás amh ina bhfuil sciar ard d'eisíontais a dhó.

([18]) Cumhdaítear coirí bithmhaise ag a bhfuil toilleadh suas le 70 kW faoi Rialachán (AE) 2015/1187 an 27 Aibreán 2015 maidir le lipéadú fuinnimh le haghaidh coirí breosla sholadaigh agus pacáistí coire breosla sholadaigh, téitheoirí forlíontacha, rialuithe teochta agus grianfheistí.

([19]) I gcás ina n-úsáidtear breoslaí bithmhaise i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú ag a bhfuil ionchur teirmeach rátaithe iomlán atá cothrom le 7.5 MW nó os a chionn le haghaidh breoslaí bithmhaise soladacha agus atá cothrom le 2 MW nó os a chionn le haghaidh bithbhreoslaí gásacha, ba cheart na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, a leagtar síos in Airteagal 29 den Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, a chomhlíonadh. I gcásanna den sórt sin, is gá fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar sin, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos in Airteagal 30 den Treoir sin.

I gcás ina soláthraítear dreasachtaí airgeadais le haghaidh coirí a ceapadh go sonrach chun breoslaí gásacha nó leachtacha a úsáid, ar breoslaí iad a tháirgtear go príomha ó bhithmhais agus ó choirí bithmhaise (breosla sholadaigh), ba cheart do na húdaráis ábhartha measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaidh cur chun cinn na gcoirí sin tionchar a imirt ar reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhaint amach amhail an reachtaíocht a bhaineann le haerthruailliú ([20]) , nó an reachtaíocht a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht ([21]) .

4.3. **Samplaí de dhreasachtaí airgeadais nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 17(15)**

Tugtar samplaí sa roinn seo de chásanna nach gcumhdaítear le hAirteagal 17(15) toisc nach gcáilíonn siad mar dhreasachtaí airgeadais chun coirí leithleacha a chumhachtaítear le breoslaí iontaise a shuiteáil. Féadfaidh na Ballstáit dreasachtaí airgeadais a thabhairt le haghaidh infheistíochtaí den sórt sin ar choinníoll go gceapfar dreasachtaí i gcomhréir le rialacha maidir le Státchabhair ([22]) nuair is gnóthas é faighteoir na dreasachta.

— Córais téimh hibrideacha a úsáideann sciar suntasach d'fhoinsí in-athnuaite

Mar a leagtar amach in Aithris 14, is féidir dreasachtaí airgeadais a sholáthar fós chun córais téimh hibrideacha a shuiteáil a bhfuil sciar suntasach d'fhuinneamh in-athnuaite acu (amhail coire a chomhcheangal le grianfhuinneamh teirmeach nó le teaschaidéal). Ba cheart aon dreasacht airgeadais den sórt sin a bheith comhréireach a mhéid a úsáidtear foinsí in-athnuaite sa chóras téimh hibrideach.

— Aon chostas breise a bhaineann leis an aistriú chuig úsáid gás in-athnuaite i gcoire

Is féidir leis na costais sin a bheith bainteach le huasghrádú an chórais dáileacháin laistigh den teaghais, leis an bpointe nasctha, le hibridiú ar an láthair nó le hinfheistíochtaí breise san oiriúnú teicniúil lena n-áirithítear úsáid fuinnimh in-athnuaite sa choire. Is féidir na costais sin a bheith bainteach le hinfheistíochtaí breise sna páirteanna den chóras téimh, mar shampla, a d'fhágfadh gur féidir fuinneamh in-athnuaite 100 % a úsáid.

— Dreasachtaí nach mbaineann le suiteáil

Aon dreasacht a bhaineann le gníomhaíochtaí seachas suiteáil – mar shampla cothabháil, deisiú nó díchoimisiúnú coirí breosla iontaise e.g. trí phréimheanna an bhriste– níl siad faoi réir na forála maidir le deireadh a chur le maoiniú de réir a chéile.

Is féidir dreasachtaí den sórt sin a bheith ábhartha chun cosc a chur ar athsholáthar éigeandála tar éis cliseadh, agus soláthar chun gné ar leith a dheisiú nó a athsholáthar. Féadfar a áireamh iontu e.g. coirí a léasú go sealadach le haghaidh tomhaltóirí fuinnimh i limistéir téimh agus fuaraithe ceantair atá ann faoi láthair nó atá beartaithe.

Sampla eile atá lasmuigh de raon feidhme na forála seo is ea dreasachtaí airgeadais chun córais uathoibrithe agus rialaithe foirgnimh a shuiteáil i gcórais téimh a chumhachtaítear le coirí breosla iontaise leithleacha.

— Bearta chun aghaidh a thabhairt ar inacmhainneacht fuinnimh

([20]) IO L 344, 17.12.2016, lch. 1; IO L 152, 11.6.2008, lch. 1.

([21]) Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (IO L 107, 21.4.2023, lch. 1).

([22]) Féach fonóta 8. Go háirithe, na Ballstáit a dhéanann foráil maidir le dreasachtaí den sórt sin a dheonú mar chuid de phlean athchóirithe arb é is aidhm dó feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh nó chomhshaoil foirgnimh faoi Roinn 4.2 de na Treoirlínte maidir le Cabhair le haghaidh na hAeráide, an Fhuinnimh agus an Chomhshaoil, ní mór dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún agus fanacht lena mheasúnú sula gcuirfidh siad a scéimeanna tacaíochta ar bun.

Féadfar a áireamh sna bearta sin tacaíocht do phraghsanna do thomhaltóirí, taraifí sóisialta nó tacaíocht ioncaim le haghaidh téamh le breoslaí iontaise. Is iad na teaghlaigh leochaileacha is mó atá thíos leis an méadú ar phraghsanna breoslaí iontaise. Níor cheart go bhfágfadh tacaíocht phoiblí go gcaithfeadh siad breoslaí iontaise a úsáid amach anseo. Sin é an fáth gur cheart go leanfadh na bearta thuasluaite de bheith spriocdhírithe go maith, sealadach agus comhlántach le bearta struchtúracha lena dtugtar aghaidh freisin ar bhunchúiseanna na bochtaineachta fuinnimh, i gcomhréir leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh ([23]) . Ní mór aon bheart a mhaoinítear faoin gCiste Aeráide Sóisialta cloí leis na rialacha a bhaineann le tacaíocht ioncaim dhíreach faoin Rialachán maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta ([24]) .

Seachas dreasachtaí airgeadais a úsáid chun coirí breosla iontaise nua a chur in ionad coirí breosla iontaise, ba cheart do na Ballstáit tacú chun na coirí atá ann cheana a dheisiú agus/nó foráil a dhéanamh maidir le réitigh téimh shealadacha (e.g. coirí a léasú) mar aon le leibhéil níos airde tacaíochta a chur ar fáil do theaghlaigh leochaileacha chun córais téimh seachas coirí leithleacha a chumhachtaítear le breoslaí iontaise (amhail córais téimh atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite nó córais hibrideacha a úsáideann sciar suntasach d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh) a shuiteáil.

— Dreasachtaí nach mbaineann le coirí

Fearais nach dtagann faoin sainmhíniú ar choirí – amhail soirn nó micrea-chomhghiniúint – níl siad ag teacht faoin raon feidhme deireadh a chur le dreasachtaí airgeadais de réir a chéile le haghaidh coirí leithleacha a chumhachtaítear le breoslaí iontaise.

Mar sin féin, sa chomhthéacs níos leithne agus de réir na forála chun deireadh a chur le dreasachtaí airgeadais de réir a chéile le haghaidh coirí leithleacha faoin treoraíocht seo, moltar do na Ballstáit an t-aistriú chuig breoslaí in-athnuaite maidir le gach córas téimh agus fuaraithe atá bunaithe ar bhreosla iontaise a dhreasú.

Go háirithe, sonraítear sa cheathrú fomhír d'Airteagal 13(6) den Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF 'go bhféadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le dreasachtaí agus cistiú nua chun an t-aistriú ó chórais téimh agus fuaraithe atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise go córais téimh agus fuaraithe nach bhfuil bunaithe ar bhreoslaí iontaise a spreagadh'.

— Eisíocaíocht dreasachtaí arna ndeonú agus arna gcur in iúl don tairbhí aonair roimh an 1 Eanáir 2025

Má rinne comhlacht poiblí cinneadh dreasacht airgeadais a sholáthar cheana agus má cuireadh in iúl don tairbhí aonair é roimh an 1 Eanáir 2025, cruthaíodh ionchais dhlisteanacha ansin roimh an dáta sin agus féadfar eisíocaíocht iarbhír na ndreasachtaí airgeadais sin a dhéanamh tar éis an dáta sin.

4.4. **Eisceachtaí**

Déantar foráil in Airteagal 17(15) maidir le **heisceacht** ón toirmeasc ar dhreasachtaí airgeadais chun coirí leithleacha a shuiteáil a chumhachtaítear le breoslaí iontaise tar éis an 1 Eanáir 2025 má chomhlíonann na dreasachtaí infheistíochta **dhá choinníoll ag an am céanna:**

(1) Go maoinítear iad:

— faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([25]).

— faoin gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus faoin gCiste Comhtháthaithe, i gcás ina bhfuil feidhm ag forálacha Airteagal (7)(1), pointe (h)(i), an tríú rún de Rialachán (AE) 2021/1058 agus sa chás sin amháin ([26]). Leis an bhforáil sin, is féidir infheistíocht a dhéanamh i gcoirí gásadhainte nádúrtha agus i gcórais téimh i dtithíocht agus i bhfoirgnimh a chuirtear in ionad suiteálacha atá bunaithe ar ghual, móin, lignít nó scealla ola.

([23]) Moladh (AE) 2023/2407 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bochtaineacht fuinnimh (IO L, 2023/2407, 23.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2023/2407/oj).

([24]) Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 1).

([25]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

([26]) Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).

— Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 ([27]), ina dtagraítear d'infheistíochtaí san fhorbairt tuaithe.

agus

(2) Gur roghnaíodh iad le haghaidh infheistíochta roimh 2025.

Sa chomhthéacs sin, i gcás ina bhfuil dreasachtaí airgeadais le haghaidh coirí mar chuid de chláir náisiúnta nó réigiúnacha faoi na cistí thuasluaite ón Aontas a **glacadh roimh an 1 Eanáir 2025,** meastar iad a bheith 'roghnaithe le haghaidh infheistíochta' roimh an dáta sin.

Mar shampla, i gcás CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe, tagraíonn an eisceacht sin d'infheistíochtaí i gcoirí gáis nádúrtha adhainte atá mar chuid de chlár beartais chomhtháthaithe náisiúnta nó réigiúnach 2021-27 a glacadh roimh an 1 Eanáir 2025, atá incháilithe do thacaíocht faoi CFRE agus/nó faoin gCiste Comhtháthaithe, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]) .

I gcás na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, tagraíonn an eisceacht sin d'infheistíochtaí atá mar chuid de phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, arna ghlacadh trí chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle.

I gcás infheistíochtaí forbartha tuaithe faoi phleananna straitéiseacha CBT, tagraíonn an eisceacht seo d'infheistíochtaí atá mar chuid de phleananna straitéiseacha náisiúnta CBT arna bhformheas ag an gCoimisiún.

Is é is aidhm don eisceacht gur féidir na hinfheistíochtaí uile a chur i gcrích mar a comhaontaíodh (sna cláir, sna pleananna agus sna modhnuithe orthu) roimh an 1 Eanáir 2025 gan beann ar an tráth a dhéanfar an glao ar thionscadail agus na céimeanna uile ina dhiaidh sin.

5. TREORAÍOCHT ATÁ LE TEACHT MAIDIR LE HÁBHARTHACHT

Forbróidh an Coimisiún treoraíocht maidir leis na forálacha nua agus modhnaithe go substaintiúil den Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF i bhfianaise an spriocdháta trasuite. Áirítear leis sin treoraíocht maidir leis an méid a cháilíonn mar choire breosla iontaise i gcomhréir leis an oibleagáid faoi Airteagal 13(8) den Treoir athmhúnlaithe maidir le FFF.

([27]) Rialachán (AE) 2021/2115ó pharlaimint na hEORPA agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

([28]) Féach tuilleadh treoraíochta ag QA00313.